

Post	Oifigeach um Chaomhnú lascaigh
Conradh	Lánaimseartha; Conradh Tréimhse Éiginnte
Grúpa Seirbhíse	Seirbhísí Teicniúla Bia Mara
Áit	D'fhéadfadh an post a bheith lonnaithe in Ionad lascaigh Cuain na gCealla Beaga, Co. Dhún na nGall, Ceannoifig BIM, Dún Laoghaire, Co. Bhaile Átha Cliath nó inár n-oifig sna Duganna Nua, Gaillimh.

Cur síos gairid ar BIM:

Is comhlacht leathstáit neamhthráchtála é BIM a bunaíodh go foirmiúil faoi reacht (An tAcht lascaigh Mhara, 1952). Is é BIM gníomhaireacht Stáit na hÉireann atá freagracht as tionscal bia mara na hÉireann a fhorbairt. Tá sé d'aidhm ag straitéis BIM feabhas a chur ar iomaíochas earnáil bia mara na hÉireann trí dhíriú ar na cúig phríomhthosaíocht straitéiseacha seo a leanas:

1. Inbhuanaitheacht
2. Scileanna
3. Nuálaíocht
4. Iomaíochas
5. Ceannaireacht

Is gníomhaireacht de chuid na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara (DAFM) agus de chuid líonra Ranna Rialtais eile, gníomhaireachtaí leathstáit, páirtithe náisiúnta agus idirnáisiúnta mara é BIM. Tá sé aonad gnó san eagraíocht: Seirbhísí Teicniúla Bia Mara, Seirbhísí um Fhorbairt Scileanna, Seirbhísí Corparáideacha, Seirbhísí Forbartha agus Nuálaíochta, Seirbhísí Eacnamaíochta agus Straitéiseacha agus Cumarsáid Corparáideach. Is i nDún Laoghaire, Co. Bhaile Átha Cliath atá Ceannoifig BIM lonnaithe. Chun tacú leis an earnáil Bia Mara, tá foireann BIM lonnaithe go straitéiseach sna pobail le cósta a mbíonn siad ag freastal orthu, lena n-áirítear oifigí i nGaillimh agus sna Cealla Beaga. Chomh maith leis sin tá dhá choláiste oiliúna BIM lonnaithe sa Chaisleán Nua, Co. Dhún na nGall agus i mBaile Chaisleáin Bhéarra, Co. Chorcaí. Ar deireadh, tá Mol Nuálaíochta Bia Mara BIM lonnaithe i gCloch na Coillte, Co. Chorcaí, áit a dtacaíonn sé le nuálaíocht agus le hinbhuanaitheacht i dtionscal bia mara na hÉireann.

Misean BIM

Tacú le luach a mhéadú maidir le hearnáil inbhuanaithe bia mara na hÉireann, ar fud an tslabhra soláthair, ó ghabháil go dtí an tomhaltóir, agus sin a éascú.

Tuairisc ar Ghrúpa Seirbhíse cuí:

Seirbhísí Teicniúla Bia Mara (STS)

Tá aonad gnó STS comhdhéanta de chúig rannóg, Caomhnú Iascaigh, Dobharshaothrú, Inbhuanaitheacht & Deimhniú, Forbairt Réigiúnach an Tuaiscirt agus Forbairt Réigiúnach an Deiscirt. Is ar bhonn réigiúin is mó a bhíonn na foirne bunaithe agus cumhdaíonn siad imeallbhord iomlán na hÉireann. Tá obair na gcúig fhoireann STS chomh héagsúil agus chomh hilchineálach le Bia Mara na hÉireann féin, obair a chumhdaíonn gach ní ó iascaigh ar scála beag, dobharshaothrú iasc eite, sliogéisc agus feamainne, fearais roghnaitheach iascaireachta, an timpeallacht, ábhair phlaisteacha a laghdú, agus éifeachtúlacht phróiseála.

An Rannóg um Chaomhnú Iascaigh

Tá sé d'aidhm ag an Rannóg um Chaomhnú Iascaigh:

- Tacaíocht theicniúil a thabhairt d'earnáil iascaireachta na hÉireann
- Cuidiú leis an earnáil an úsáid is fearr a bhaint as acmhainní atá ar fáil
- Réitigh theicniúla a fhorbairt d'fhonn dúshlán timpeallachta agus rialála a shárú
- Réitigh theicniúla a fhorbairt d'fhonn éifeachtacht charbóin a fheabhsú
- Obair a chuireann le tacaíocht shochoaíoch d'earnáil iascaigh na hÉireann agus do BIM a chur chun cinn agus cumarsáid a dhéanamh ina leith

An Rannóg Inbhuanaitheachta & Deimhniúcháin

Oibríonn an Rannóg Inbhuanaitheachta & Deimhniúcháin le Tionscal Bia Mara na hÉireann chun táirgeadh inbhuanaithe bhia mara na hÉireann a chinntiú trí thionchair a íoslághdú, éifeachtúlachtaí táirgthe a fheabhsú agus na caighdeáin is airde i sábháilteacht bhia, cáilíocht bhia agus bainistiú timpeallachta a bhaint amach.

Pleanáil Spásúil Mhuirí

Déantar an úsáid a bhaintear as limistéar muirí a mheas le próiseas na Pleanála Spásúla Muirí (PSM) agus pleanáiltear mar is féidir an úsáid is fearr a bhaint as amach anseo. Féachann PSM leis na héilimh éagsúla ar úsáid na farraige a chothromú lena n-áirítear an gá atá leis an timpeallacht mhuirí a chosaint. Is faoin uair agus an áit a mbíonn gníomhaíochtaí an duine ar siúl ar muir a phleanáil. Is faoina chinntiú go bhfuil na gníomhaíochtaí sin chomh héifeachtach agus chomh hinbhuanaithe agus is féidir. Bíonn páirtithe leasmhara páirteach ar bhealach trédhearcach i bpleanáil gníomhaíochtaí muirí leis an bpleanáil spásúil mhuirí. An Creat Náisiúnta maidir le Pleanáil Mhuirí a thugtar ar Phlean Spásúil Muirí na hÉireann.

Tionscadail Feabhsúcháin Iascaigh

Maidir le táirgí ó iascaigh fhiáine, léiríonn cláir amhail Tionscadail Feabhsúcháin Iascaigh (TFInna) a bhfuil tacaíocht BIM acu an gealltanas atá tugtha ag Éirinn iascaigh inbhuanaithe a bhaint amach agus a chothabháil. Is cur chuige bunaithe ar eolaíocht atá i gceist leis na TFInna i dtaobh feabhas leanúnach a dhéanamh i dtaobh inbhuanaitheacht iascaigh ar leith agus é i gceist deimhniú ón gComhairle Maoirseachta Muirí (CMM) a bhaint amach. Is bealaí atá aitheanta ar fud an domhain iad TFInna chun iascaigh a mheas agus gníomhartha a chuirfidh feabhas ar bhainistiú agus ar inbhuanaitheacht sna hiascaigh seo.

Achoimre ar an Ról:

Oibreoidh an tOifigeach um Chaomhnú Iascaigh leis an Rannóg um Chaomhnú Iascaigh agus an Rannóg Inbhuanaitheachta agus Deimhniúcháin chun iascaigh inbhuanaithe a fhorbairt agus a chur chun cinn. Beidh siad seo a leanas i measc phríomhchuspóirí an róil:

- Cuir chuige agus naisc nua a fhorbairt idir obair theicniúil Caomhnúcháin Iascaigh agus PSM.
- Cumais BIM a fhorbairt agus comhairle a chur ar fáil maidir le comhtháthú iascaigh in PSM.
- Comhordú agus bainistiú tionscadail a dhéanamh ar na Tionscadail Feabhsúcháin Iascaigh i dtreo deimhniúcháin inbhuanaitheachta a bhaint amach d'iascaigh na hÉireann

Príomhthascanna:

- Oibriú leis an rannóg um Chaomhnú lascaigh chun fearas agus réitigh theicniúla limistéar-bhunaithe a fhorbairt a théann i ngleic le dúshlán arna dtabhairt chun cinn ag Pleanáil Spásúil Mhuirí
- Cumas agus beartas BIM a fhorbairt maidir le gach gné den Phleanáil Spásúil Mhuirí a bhaineann leis an earnáil iascaigh lena n-áirítear an Creat Náisiúnta maidir le Pleanáil Mhuirí agus an Creat le haghaidh Straitéis Mhuirí
- Na TFIInna atá ann a chomhordú agus bainistiú tionscadail a dhéanamh orthu agus TFIInna Éireannacha nua a fhorbairt i gcomhréir le riachtanais tionscail agus mhargaidh
- Comhairle a chur ar fáil d'iascairí, próiseálaithe agus miondíoltóirí ar TFIInna agus ar dheimhniúchán inbhuanaitheachta
- A chinntiú go gcuirtear pleananna oibre TFI a chur ar fáil agus go ndéantar monatóireacht orthu, go ndéantar gníomhaíochtaí a thaifeadh agus a thuairisciú mar chuid de na pleananna oibre
- Athbhreithnithe agus nuashonruithe a chur ar fáil do chomhlachtaí tagarmharcála TFI amhail Dul Chun Cinn Iascaigh
- Naisc a chruthú idir obair Caomhnúcháin lascaigh agus TFIInna
- A bheith páirteach i bhforbairt scéimeanna deimhniúcháin 3ú páirtithe
- Caidrimh chomhoibríoch a chothú le hiascairí, próiseálaithe, miondíoltóirí, eolaithe, comhlachtaí rialaithe agus ENRanna.
- Faire na fáistine a dhéanamh le haghaidh athruithe agus nuashonraithe beartaithe a bhfuil tionchar acu ar an earnáil bhia mara agus a próifíl inbhuanaitheachta.

Eile:

Dualgais ghaolmhara ar bith eile a d'fhéadfaí a éileamh de réir mar is réasúnach agus d'fhéadfaí a shannadh ó am go ham a chomhlíonadh

Struchtúr Tuairiscithe:

Bainisteoir Tuairiscithe: Bainisteoir na Rannóige um Chaomhnú Iascaigh

TFIInna agus Deimhniúchán Inbhuanaitheachta: Bainisteoir na Rannóige Inbhuanaitheachta agus Deimhniúcháin

Stiúrthóir: Stiúrthóir Seirbhísí Teicniúla Bia Mara

Teagmhálaithe:

Laistigh de BIM

- An fhoireann uile in Aonad Gnó STS
- An príomhfhoireann in Aonad Gnó ESSU
- Príomhbhaill foirne in D&I BU agus in aonaid Gnó BIM eile

Lasmuigh de BIM

- Iascairí, comharchumainn, próiseálaithe agus miondíoltóirí
- DAFM
- DHLGH
- Eagraíochtaí agus grúpaí Táirgthe Iascaigh
- Foras na Mara

- Páirtithe leasmhara agus comhlachtaí seachtracha laistigh den earnáil iascaigh
- Comhlachtaí Rialála seachtracha ábhartha eile.

Oiliúint

- Déanfar riachtanais oiliúna a aithint tríd an gCóras Bainistithe Feidhmiúcháin atá againn.

Oideachas, Cáilíochtaí Gairmiúla nó Teicniúla, Eolas, Scileanna, Inniúlachtaí, Taithí agus Oiliúint

Riachtanach:

- larchéim 3^ú leibhéal i ndisciplín teicniúil ábhartha (iascaigh nó eolaíocht timpeallachta muirí).
- Taithí trí bliana ar a laghad ag obair i ról den chineál céanna nó taithí ábhartha ag obair laistigh den earnáil iascaigh.
- Eolas ar phleanáil spásúil mhuirí
- An cumas smaoineamh go straitéiseach chomh maith le cruthaitheacht, díocas, agus tiomantas agus fuinneamh i ndáil le torthaí a bhaint amach a léiriú.
- Scileanna láidre scríofa agus an cumas tuairiscí eolaíochta agus tuairiscí eile a chur i dtoll a chéile agus eagarthóireacht a dhéanamh orthu, le samplaí foilsithe mar fhianaise air seo.
- Scileanna cumarsáide agus idirphearsanta den scoth agus cumas caidrimh láidre le páirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha a chothú agus a choinneáil.
- Scileanna láidre i dtaobh a bheith ag obair ar fhoireann.
- Ceadúnas iomlán tiomána

Inmhianaithe:

- Ábalta lucht spéise neamh-eolaíochta a mhealladh agus eolas a roinnt leo agus cruthúnas air sin
- Sábháilteacht ar Muir (cuirfidh BIM oiliúint ar fáil ina leith seo áfach más gá)

Tuarastal:

Ag grád Ardoifigigh Feidhmiúcháin a bheidh an luach saothair i gcomhréir le Scála Tuarastail atá ceadaithe ag an Roinn Airgeadais don Earnáil Phoiblí, le raon tuarastail €50,848 - €64,038 (amhail an 1 Feabhra 2022) in aghaidh na bliana pro-rata i ndáil leis an am a bheidh oibrithe. Déanfar ball den Scéim Pinsin Seirbhíse Poiblí Aonair díot mura bhfuil tú i do bhall de scéim pinsin eárnála poiblí i láthair na huaire (nó mura raibh tú i do bhall de scéim pinsin eárnála poiblí le sé mhí anuas). Tá Scéim Tuarastail agus Pinsin faoi réir ag gnásanna faofa eárnála poiblí agus glacann cuntas ar sheirbhís le déanaí san earnáil phoiblí ag teacht le himlitreacha agus rialacha ábhartha.

Saoire Bhliantúil:

Is é 29 lá oibre in aghaidh na bliana pro-rata chun an t-am a oibríodh a léiriú an teidlíocht saoire bliantúla atá ag gabháil leis an ról seo. Níl Laethanta Saoire Poiblí san áireamh i dteidlíochtaí saoire bliantúla. Ní mór gach lá saoire a bheith ceadaithe roimh ré ag do bhainisteoir nó ag a n-ionadaí údaraithe i gcomhréir le polasaithe saoire BIM.

Fad an Chonartha:

Cuirfear conradh fostaíochta Tréimhse Éiginnte ar fáil le cead ó BIM faoi réir léiriú sásúil ar an leibhéal atá ag teastáil agus an tréimhse phromhaidh atá ag teastáil a chur i gcrích. Cuirfidh an t-iarratasóir a n-éireoidh leis tréimhse phromhaidh isteach ar feadh 6 mhí.

An tSlí le hiarratas a dhéanamh:

Ba chóir C.V. iomlán chomh maith le litir iarratais agus [Foirm Iarratais Folúntais BIM](#), ina ndéantar cur síos ar thaithí agus scileanna a bhaineann leis an bpost, a sheoladh ar ríomhphost chuig jobs@bim.ie nó a sheoladh sa phost chuig Rannóg Acmhainní Daonna BIM, 12 Bóthar Crofton, Dún Laoghaire, Co. Bhaile Átha Cliath.

Is é 5 p.m. an 17ú Samhain 2022 an dáta deiridh a nglacfar le hiarratais.

Tabhair ar aird go bhféadfadh níos mó ná céim agallaimh amháin a bheith i gceist leis an bpróiseas earcaíochta don ról seo agus go bhféadfadh BIM iarraidh ar na hiarratasóirí a roghnaítear cur i láthair gearr a dhéanamh ar ábhar a bheidh roghnaithe roimh ré ag céim an agallaimh dheiridh. Tabhair ar aird nach nglacfar le hiarratais a bheidh déanach.

Ba cheart aon cheist maidir leis an ról seo a sheoladh ar ríomhphost chuig jobs@bim.ie.

Úsáid Sonraí - Ní bhainfear úsáid as na sonraí pearsanta ná an fhaisnéis go léir a chuirtear ar aghaidh leis an iarratas seo ach chun críche an fheachtais sin agus don fheachtas sin amháin, agus déanfar na sonraí agus an fhaisnéis a scriosadh ansin i gcomhréir le Polasaí an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí agus an sceideal coinneála sonraí atá againn.

Caithfear le gach faisnéis go huile agus go hiomlán faoi rún agus ní bheidh rochtain ar an bhfaisnéis sin ach ag na daoine sin a bhfuil baint dhíreach acu leis an bhfeachtas.

Is fostóir comhdheiseanna é Bord Iascaigh Mhara

